# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/715 ÓN gCOIMISIÚN

## an 5 Bealtaine 2022

## lena ndeontaítear maolú lena gceadaítear don Ungáir modhanna a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil le haghaidh Chóras Rialaithe Allmhairí 2 seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha i ndáil le hearraí i gcoinsíneachtaí poist

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2765)*

**(Is é an téacs Ungáirise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(4) i gcomhar le hAirteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCód Custaim,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ceanglaítear gur trí úsáid a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála sonraí a dhéanfar na malartuithe go léir ar fhaisnéis idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus an stóráil a éilítear i dtaca le faisnéis den sórt sin faoin reachtaíocht chustaim.

(2) Déantar foráil in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le cinntí a ghlacadh i gcásanna eisceachtúla lena gceadaítear do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát maolú ó úsáid teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil, má tá bonn cirt leis an maolú sin de bharr staid shonrach an Bhallstáit a bhfuil sé á iarraidh aige agus má dheonaítear é ar feadh tréimhse shonrach ama.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh ("an clár oibre"). Liostaítear sa chlár oibre na córais leictreonacha atá le forbairt agus na dátaí óna meastar go mbeidh na córais sin oibríochtúil. Sonraítear sa chlár oibre cur chun feidhme agus dátaí imscartha an Chórais Rialaithe Allmhairí 2 ("ICS2") i gcomhréir le hAirteagal 6(1), Airteagail 16, 46, 47 agus 127 go 132 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(4) I gcomhréir leis an gclár oibre, bhí na Ballstáit le bheith réidh ón 15 Márta 2021 chun scaoileadh 1 de ICS2 a imscaradh d'fhonn dearbhuithe iontrála achomair a bhailiú ó oibreoirí poist agus meariompróirí le haghaidh earraí a iompraítear d'aer, agus bhí siad chun an deis a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha nascadh leis an gcóras agus dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh tríd an gcóras sin a úsáid faoin 1 Deireadh Fómhair 2021.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus le hAirteagal 183(1), pointe (c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([3]), ón 1 Deireadh Fómhair 2021 ní mór d'oibreoirí poist atá bunaithe san Aontas dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh agus na sonraí is gá a sholáthar d'údaráis chustaim na mBallstát lena mbaineann a úsáideann ICS2.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

(6) Níl an t-oibreoir poist san Ungáir réidh go teicniúil fós, áfach, chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. De dheasca imthoisc eisceachtúil arbh é ba chúis léi nach raibh an conraitheoir roghnaithe in ann an réiteach leictreonach ba ghá a fhorbairt, ní raibh oibreoir poist na hUngáire in ann ceangal a bhunú le ICS2 laistigh de sprioc-am an 1 Deireadh Fómhair 2021. Chinn an t-oibreoir poist conraitheoir eile a úsáid chun an nasc a fhorbairt agus tá an obair theicniúil fós ar siúl. Dá bhrí sin, níl an t-oibreoir poist fós in ann sonraí dearbhaithe iontrála achomair a chur in iúl don chóras trí úsáid a bhaint as teicnící próiseála sonraí leictreonacha.

(7) Mar gheall ar an imthoisc eisceachtúil ba chúis le heaspa ullmhachta teicniúla oibreoir poist na hUngáire, tá údar maith leis an iarraidh maolú a fháil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a chuir údarás custaim na hUngáire isteach an 21 Nollaig 2021. Dá bhrí sin, leis an maolú sin ba cheart a cheadú go sealadach don Ungáir modhanna eile seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid chun faisnéis i ndáil le hearraí i gcoinsíneachtaí poist a mhalartú agus a stóráil a bhfuil sé d'oibleagáid ar an oibreoir poist sin dearbhú iontrála achomair a thaisceadh ina leith.

(8) Agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme, tabharfaidh údarás custaim na hUngáire fógra don Choimisiún maidir le nasc a oibreora poist ainmnithe le ICS2.

(9) Ba cheart fad an mhaolaithe a bheith bunaithe ar staid forbartha an chórais náisiúnta poist, rud lena gcumasaítear cumarsáid leictreonach sonraí ICS2 le haghaidh coinsíneachtaí poist a dhéanamh leis an riarachán custaim agus ar an amlíne lena thabhairt chun críche.

(10) Ós rud é gur tháinig an oibleagáid i bhfeidhm maidir le sonraí dearbhaithe iontrála achomair a chur isteach go leictreonach le haghaidh na gcoinsíneachtaí poist uile an 1 Deireadh Fómhair 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón dáta sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ceadóidh údarás custaim na hUngáire dá oibreoir náisiúnta poist dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh i leith earraí i gcoinsíneachtaí poist trí mhodhanna eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil go dtí go mbunóidh an t-oibreoir náisiúnta poist an nasc leis an gCóras Rialaithe Allmhairí 2 ("ICS2") nó go dtí an 30 Aibreán 2022, cibé dáta is luaithe.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh údarás custaim na hUngáire fógra don Choimisiún laistigh de mhí amháin ón dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo maidir le nasc a hoibreora náisiúnta poist le ICS2 chun sonraí dearbhaithe iontrála achomair maidir le hearraí i gcoinsíneachtaí poist a sholáthar don údarás custaim.

*Airteagal 3*

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Paolo GENTILONI
*Comhalta den Choimisiún*